# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## 'Scaip an Scéal'

Is comhthogra é Scaip an Scéal de chuid Fighting Words, an eagraíocht scríbhneoireachta cruthaithí, agus na hOifigigh Pleanála Teanga. Reáchtáladh é ar feadh coiscíse i gConamara Láir i mí Dheireadh Fómhair. Bhí seacht bunscoil páirteach agus cuireadh iad i dhá ghrúpa.



Is in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh a bhí Grúpa A - Scoil Naomh Mhuire Rosmuc, Scoil Naomh Ciarán agus Scoil Chamuis. Chuir an trí scoil a gcaibidil féin leis an chéad scéal. Ansin, tugadh Grúpa B chuig Ionad Cuimneacháin na nImirceach Carna- Scoil na hÁirde Móire, Scoil Bhriocáin,
Scoil na hÁirde Thiar agus Scoil Mhuire Carna- agus chum siadsan scéal eile. Foilseofar an dá scéal le chéile in aon leabhar amháin.



Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir a bheith páirteach sa togra seo i gcomhar le Fighting Words.


Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le:

- Bríd-Treasa Wyndham- éascaitheoir an togra
- Máiread Uí Dhomhnaill a bhí ag clóscríóbh
- Gwyneth Uí Ghaora agus Elizabeth Ní Mhaoiláin- na healaíontóirí
- Foireann Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh & Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
- Na tiománaithe bus

Caithfear buíochas speisialta a ghlacadh leis na scoileanna ar fad a bhí páirteach- go háirithe na daltaí a bhí chomh samhlaíoch agus chomh comhoibritheach. Táimid ar bís chun greim a fháil ar an leabhar agus na scéalta a léamh!

# ‘Meitheal’ PV Gréine ag tosú in SEC Fhorbairt Chonamara Láir

**Reáchtáladh cruinniú fiúntach ar an 17ú Dheireadh Fómhair in Ionad Pobail Shraith Salach maidir le 'Meitheal' PV Gréine ag tosú in SEC Fhorbairt Chonamara Láir.**
**Ba mhaith le Forbairt Chonamara Láir Teo buíochas a ghlacadh le:**
**-Orla Nic Suibhne ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Páraic Bairéad (Bainisteoir Gníomhaireacht Fuinnimh an Iarthair)**
**-Pobal Mám Éan Teo agus Breandán Seoige**
**-Saoistí scéimeanna fostaíochta pobail**
**-Tigh Seoige, Sraith Salach**
**-Na seastáin eolais- Comhar Creidmheasa Chonamara, FORAM Chonamara agus JFW Renewables**
**Agus ar ndóigh buíochas mór le gach duine ón bpobal a d'fhreastal ar an gcruinniú eolais.**




## Cruinniú Eolais- Saincheisteanna Cead Pleanála i gConamara Láir

Mar is eol don phobal agus mar a chloistear go minic sna meáin, tá deacrachtaí móra agus costais ollmhóra ag baint le cead pleanála a fháil i gConamara.
Tá daoine óga agus teaghlaigh ag fágáil an cheantair seo toisc nach bhfuil sé d’acmhainn acu a dteach féin a thógáil nó nach féidir leo Teach Comhairle Condae a fháil. Tá tionchar ollmhór aige seo ar ár scoileanna áitiúla agus táthar ag troid i gcónaí chun ár scoileanna a choinneáil oscailte.
Is iad na fadhbanna is mó ná:

- Gléasra Séarachas/Cóireáil
- Na Bóithre — fad an radhairc
- An méid páipéarachais is gá dóibh a sholáthar chun a chruthú go bhfuil siad ón gceantar agus go bhfuil sé de cheart acu cónaí anseo.
- SAC/ Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus gach srian agus criosú Eorpach eile
- Costas

**Tithe Comhairle Condae-** Tá sé ráite ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil scrúdú á dhéanamh acu ar na Plandaí Cóireála (sewerage plant) ag Eastáit Tithíochta na Comhairle sa limistéar agus breathnú iad a uasghrádú agus tá súil acu go dtógfar níos mó tithe.
**Scéim Croí Cónaithe-** Is scéim maith í seo ach ach níl go leor foirne ag obair sa Chomhairle Contae chun déileáil leis na hiarratais ar fad agus tá moill á chur ar an bpróiseas dá bharr.
**Fostaíocht a chruthú agus an mhoill chun cead pleanála a fháil d’fhorbairtí tráchtála-** Faoi láthair, tá trí thogra ollmhóra a d’fhéadfadh post a chruthú agus an cheantair a thabhairt slán ach atá ar ‘fhaisnéis breise’ nó refused nó diúltaithe ag an mBord Pleanála.
Tá Forbairt Chonamara Láir Teo. ag tógáil céimeanna chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo. D’eagair Coiste Stiúrtha Fhorbairt Chonamara Láir cruinniú le gairid leis an Teachta Dála Éamon Ó Cuiv chun na saincheisteanna seo a phlé agus cén chaoi a féidir dul i ngleic leo.

# Mórthionól i mBéal Feirste

D’fhreastal foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir ar an Mórthionól Pleanála Teanga a bhí eagraithe ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Fís an Phobail agus Glór na Móna in Iarthar Bhéal Feirste ag tús na míosa seo. Bhí cúpla lá fiúntach agus spreagúil ag na hOifigigh Pleanála Teanga. Cuireadh tús le himeachtaí i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, áit a raibh cainteanna ó heagraíochtaí ar nós An Dream Dearg agus seisiún eolais le Barr Feabhais Teo atá i mbun an athbhreithniú. Le linn an dá lá, rachadh ar chamchuairt ar an gceantar le cuairteanna ar Ionad Uíbh Eachach Cultúr & Teanga, CLG Laochra Loch Lao, Raidió Fáilte 107.1FM, Seanscoil Naomh Comgall i measc áiteanna eile. Caithfear comhghairdeas a dhéanamh le muintir Bhéal Feirste agus an obair atá ar siúl acu a thréaslú mar is cinnte go bhfuil éacht mór bainte amach do phobal na Gaeilge ann. Buíochas speisalta le Ciarán Mac Giolla Bhéin,  Feargal Mac Ionrachtaigh agus an fhoireann uilig atá ag plé le Pleanáil Teanga i mBéal Feirste as a bhfáilte chroíúil agus ar ndóigh ar son an clár cuimsitheacha d’imeachtaí a cuireadh le chéile do na hOPTanna.




*Dr Pádraig Ó Tiarnaigh & Cuisle Nic Liam ón Dream Dearg*



*Roinnt de hOifigh Pleanála Teanga na Gaillimhe*

## Pháirc Spraoi Iorras Aithneach

Tá feachtas bailiúcháin airgid ag Coiste Pháirc Spraoi Iorras Aithneach faoi láthair chun airgead a bhailiú le obair chothabhála riachtanach a dhéanamh ar an bPáirc Spraoi i gCill Chiaráin.

Tá Páirc Spraoi Iorras Aithneach ar cheann do na háiseanna is mó atá á húsáid sa gceantar faoi láthair. Dhá réir, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí an obair seo agus nach gcaithfear í a dhúnadh.

Chun síniús a thabhairt, is féidir dul go dtí https://www.idonate.ie/cause/paircspraoiiorrasaithneach nó má tá fón póca agat is féidir an cód MF 'QR Code' seo ar chlé a scanáil ag úsaid do cheamra.



# Nóta Comhghairdis



**Comhghairdeas mór ó chroí le Colm Ó Neasa agus Seán Ó Cuirrín, eagarthóirí an leabhair "Ón Dumhach go dtí an Plantation: Stair Peile Iorras Aithneach agus an Chaisil, 1928-2021' a bhuaigh gradam i bPáirc an Chrócaigh. Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacú leis an togra iontach seo. Foilsíodh an leabhar i 2021 agus tá léirmheasanna an-mholtach faighte acu ó shin.**





**Comhghairdeas mór le scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara agus Coláiste na bPiarsach a fuair a gcuid torthaí na Sraithe Sóisearaí ar an 19ú Dheireadh Fómhair.**




**Comhghairdeas le cailíní Peile na mBan Charna Caiseal a bhuaigh an Cluiche Ceannais F18 ar an 8ú Dheireadh Fómhair in aghaidh Naomh Muire Chill Fhir Iarainn in Uachtar Ard.**



**Caithfear comhghairdeas a dhéanammh freisin le foireann mionúir Charna Caiseal Na Piarsaigh a ndeachaigh chomh fada le Cluiche Ceannais an Chondae ar an 22ú Dheireadh Fómhair. Faraor, níor éirigh leo ach ach tá an pobal bródúil as an méid atá bainte amach acu agus as an obair chrua a chur siad isteach i rith na bliana.**

# San am a chuaigh thart..



337

Sorċa Ní h-Allṁuráin,
a sgríoḃ na píosaí seo leanas ó béal a máṫar,
Máire Ní h-Allṁuráin,
Oileán Iarṫaċ, Rosmuc, Co. na Gaillime.
Dáta: 26/11/37.


Oiḋċe Ṡamna

Ní ṫagann oiḋċe Samna aċ uair sa mbliaḋain agus bíonn fáilte ag gaċ duine roiṁe. Tagann lá Samna ar an gcéad lá don ṁí is goire do ṁí na Nodlag. Maruiġeann na sean-daoine cearc nó laċa nó gé i n-ómós d'oiḋċe Ṡamna mar is nós é do ḃí ag sean-daoine ariaṁ agus a ḃeiḋ go deo.

Is fada leis an aos óg go dtagann oiḋċe Samna. Taitniġeann sí go maiṫ leo mar bíonn siamsaí agus cluiċí deasa ar siubal aca.

Cruinniġeann an aos óg uilig i n-aon teaċ aṁáin agus ins an teaċ sin bíonn siad ag déanaṁ an spóirt.

Seo cuid de na cleasa a bíonn



338

a bíonn siad ag déanaṁ.

Faġann siad trí cúpán, uisge i gceann aca, creafóg i gceann eile.

Annsin cuireann siad éadaċ ar do súile agus má ċuireann tú do láiṁ ins an uisge gaḃfá go Meiriceá agus dá gcuirfeá do láiṁ sa ḃfáinne pósfaí tú.

Cuireann siad freisin das cabáiste os cionn an dorais agus an té is túisge a d'feicfeaḋ ar maidin é ḃeaḋ sé pósta sa teaċ sin.

Téiġeann duine ag éisteaċt ag doras teaċ eile agus an ċéad duine a labraḋ taoḃ istiġ sin é an fear nó an bean a pósfaḋ sé.

Cuireann siad pinginn i mias uisge agus ceanglann siad a láṁa agus bíonn siad ag iarraiḋ é a ṫógáil.

Bíonn sé ráiḋte go mbíonn an sluaġ siaḋ amuiġ an oiḋċe sin freisin.

Seo leanas sliocht a tógadh ón gcartlann Bailiúchán Scoile ar shuíomh idirlín 'Dúchas.ie'. Bhailigh Sorcha Ní hAllmhuráin, dalta a bhí ag freastal ar Scoil Oiléan Iarthach Thiar, an t-eolas seo óna máthair i 1937.

Ní thagann Oíche Shamhna ach uair sa mbliain agus bíonn fáilte ag gach duine roimhe. Tagann lá Samhna ar an gcéad lá don mhí is gaire do mhí na Nollag. Maraíonn na sean-daoine cearc nó lacha nó gé in ómós d' Oíche Shamhna mar is nós é a bhí ag sean-daoine ariamh agus a bheidh go deo.

Is fada leis an aos óg go dtagann Oíche Shamhna. Taitníonn sí go maith leo mar bíonn siamsaíocht agus chluichí deasa ar siúl acu.

Cruinníonn an aos óg uilig in aon teach amháin agus ins san teach sin bíonn siad ag déanamh an spórt.

Seo cuid de na cleasa a bhíonn siad ag déanamh:

Faigheann siad trí cupán- uisce i gceann aua, creafóg i gceann eile.

Ansin cuireann siad éadach ar do shúile agus má chuireann tú do láimh san uisce, ghabhfá go Meiriceá, agus dá gcuirfeá do láimh sa bhfáinne, pósfaí tú.

Cuireann siad freisin das cabáiste os cionn an dorais agus an té is túisce a d'fheicfeadh ar maidin é bheadh sé pósta sa teach sin. Téann duine ag éisteacht ag doras teach eile agus an chéad duine a labhradh taobh istigh sin é an fear nó an bhean a phósfadh sé.

Cuireann siad pingin i mbias uisce agus ceanglaíonn siad a lámha agus bíonn siad ag iarraidh é a thógáil.

Bíonn sé ráite go mbíonn an slua sí amuigh an oíche sin freisin.

# F Ó G R A Í






# Craic agus Cúpla Steip i gCill Chiaráin

Bhí áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacú le Coiste Ionad Pobail Chill Chiaráin ranganna jiveála trí Ghaeilge a reáchtáil don phobal sa halla. Cuireadh tús leis na ranganna ar an 3ú Dheireadh Fómhair agus lean siad ar aghaidh ar feadh ceithre seachtaine. D'fhreastal suas le dhá scór duine agus bhí an-spraoi acu. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le Josephine Ní Chuanaigh agus Ann Gallagher a bhí ag stiúradh na ranganna seo. B'fhéidir go mbeadh chúpla rang á reáchtail go gairid sa gceantar arís- 'hup scip!



**Cuireann Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir fáilte roimh aon duine ón bpobal ar mhian leo a bheith ina bhaill. Is coiste deonach é seo le e baill óna ceantair éagsúla sa limistéir agus ó réimsí éagsúla de shochaí limistéar Chonamara Láir. Tacaíonn an coiste leis na hoifigigh pleanála teanga chun tograí agus straitéisí éifeachtacha a chruthú chun an Ghaeilge a láidriú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail agus chun í a chaomhnú don chéad ghlúin eile. Tá ról do gach duine i bPlean Teanga Chonamara Láir agus má tá suim agat sa Ghaeilge, sa chultúr agus inár n-oidhreacht uathúil, is deis iontach é seo chun do chuid smaointe agus tuairimí a roinnt- 'Ní neart go cur le chéile'.**






# *Bí ar Chór Chonamara Láir*

*An bhfuil suim agat sa cheol agus san amhránaíocht? Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir cór de ghrúpa amhránaithe agus ceoltóirí a bhunú i gConamara Láir. Má tá suim agat a bheith páirteach, bí i dteagmháil linn agus seol ríomhphost chuig opt@conamaralair.ie*

# Coirnéal Chomhrá



## Aoí na Míosa: Máirtín Ó Cualáin

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Máirt beag a ghlaoitear orm corruair sa mbaile
**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Carna, in Iorras Aithneach
**4.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Airím go bhfuil an t-ádh liom gur rugadh agus togadh mé in ait a bhfuil saibhreas na Gaeilge agus saibhreas an chultúir go mór ann. Tá an cultúr speisialta ó thaobh an cheoil agus hamhránaíochta de. Ní thuigeann go leor daoine an buntáiste atá againn mar dhaoine atá dhátheangach ach an oiread – is rud speisialta í an Ghaeilge agus tuigim é sin níos fearr agus mé ag fáil níos sine.
**5.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Ar ndóigh, rud ar bith a dhéanaim leis an raidió nó ag múineadh ceoil nó aon imeachtaí i gceantar Charna déanaim é trí mheán na Gaeilge. Ach don obair choláiste, is gá dom é a dhéanamh trí Bhéarla. Amach anseo, tá súil agam a bheith in ann an Ghaeilge a úsáid i mo chuid oibre laethúil.
**6.Céard é an béile is fearr leat?** Ní féidir roinnt fataí agus bagún a bhualadh, cheapaim.
**7.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Taitníonn 'An Cellar' i nGaillimh liom. Is iomaí cuimhní atá agam ón uair a bhí mé níos óige ag taisteal isteach go Gaillimh. Go hiondúil fuair mé burgar nó 'fry' ann.
**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Aisteach go leor is dóigh liom ach is maith liom boladh an ghairdín tar éis an féar a ghearradh. Arís, cuireann sé laethanta fada an tsamhraidh i gcuimhne dom agus mé i mo pháiste
**9.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Ní fhéachaim mórán teilifíse i ndáiríre ach dá suífinn síos chun féachaint ar rud éigin is dócha go mbeinn ag féachaint ar 'Vikings'. Chuir mé spéis i gcónaí sna seanscéalta faoi na Lochlannaigh. Déanadh roinnt den scannánú den chlár in Éirinn.
**10.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is peileadóir agus ceoltóir mé. Nuair nach bhfuil mé ag traenáil le Carna-Caiseal bím sa Crane ag na seisiúin cheoil nuair is féidir. Tá suim curtha agam in eagrú agus agus i dtaifeadadh ceoil freisin agus táim ag tabhairt faoi cúrsa innealtóireacht fuaime faoi láthair i mo chuid ama breise.
**11.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Thaitin sé liom nuair a rachainn féin agus mo mhuintir go Sasana nuair a bhí mo dheirfiúr ina cónaí i Londain. Rinneamar go leor taistil i Sasana agus chonaic mé roinnt áiteanna difriúla.
**12.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Is breá liom scannáin scéinséir. Go mór mór thaitin an scannán "Prisoners" liom le Hugh Jackman. Go hiondúil bíonn casa aisteach ag deireadh an scannáin agus is breá liom bheith i gcónaí ar bior agus mé ag fanacht le feiceáil cén deireadh a bhéas leis.
**13.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?** Tá an-suim curtha agam sna leabhair 'inspreagtha féinchabhrach' mar a déarfá. Sílim gur maith an rud é machnamh a dhéanamh orainn féin mar cheoltóirí nó imreoirí mar shampla agus mar dhaoine go ginearálta chun rud ar bith a fheabhsú. Suim mór agam i leabhair síceolaíochta chomh maith.
**14.An nóiméad den lá is fearr leat?** Nuair a chríochnaíonn mé mo chuid oibre nó staidéir agus is féidir liom an citeal a chur síos!
**15.An t-am den bhliain is fearr leat?** Tús an tsamhraidh nuair a bhíonn an chraobh peile faoi lán seoil agus bíonn na laethanta breá fada.
**16.Aon chomhairle a cuireadh ort?** Déan an rud a shásaíonn d'intinn agus do chroí.





## Comórtas Grianghrafadóireachta

**Comhghairdeas mór le Christina Gannon , a bhuaigh comórtas grianghrafadóireachta mhí Dheireadh Fómhair agus le Julie Ní Shúilleabhain a bhuaigh comórtas maisiúcháin na Samhna.**

**Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí na Samhna chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.**

## Logainm na Míosa:

An Siléar

nó 'An Baile Thoir'.
Tugadh 'An Sileár' air de bharr go mbíodh feamainn á storáil ann in aice leis an gcéibh.

***'Connemara Part 1: Introduction and Gazetteer'* -Tim Robinson**

## Seanfhocal na Míosa:

An rud a scríobhann an púca, léann sé féin é.

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**